# Creidmheas Cánach Corparáide Taighde agus Forbartha

## Foirm Fógra Réamhthíolactha maidir le héileamh atá le déanamh faoi alt 766C den ACC, 1997

(**Ní** éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide T&F í an fhoirm fógra réamhthíolactha)

Uimhir Tagartha Cánach Corparáide

Ainm:

Seoladh:
(Eircode san áireamh)

Ní mór an fhoirm fógra réamhthíolactha a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe amháin. Ní mór an fhoirm fógra réamhthíolactha a thíolacadh 90 lá ar a laghad sula ndéantar an t-éileamh ar an gcreidmheas.

Luaigh tréimhse chuntasaíochta na cuideachta lena mbaineann an fhoirm Fógra Réamhthíolactha seo Ón L L M M B B B B Go dtí L L M M B B B B

Is ceanglas reachtach í an fhoirm seo dá bhforáiltear in alt 766C(17) den ACC, 1997.

**Cuireann [ AINM CUIDEACHTA ] in iúl leis seo do na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé ar intinn acu éileamh a dhéanamh ar an gcreidmheas cánach corparáide T&F faoi alt 766C den ACC, 1997 i leith na tréimhse cuntasaíochta thuasluaite. Déanfar an t-éileamh ar an gcreidmheas ar an bhFoirm CT1 agus laistigh de 12 mhí ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ina dtabhaítear an caiteachas as ar eascair an t-éileamh.**

## Dearbhú – le síniú thar ceann na cuideachta

Dearbhaím, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, go bhfuil an foirm seo ceart agus comhlánaithe

Síniú:

Dáta: L L M M B B B B

Stádas an tsínitheora:

**Sonraí Teagmhála:**
(i gcás fiosrúcháin maidir leis an bhfoirm seo)

RPC018832_GA_WB_P_1

Féach ar an rannán nótaí chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an bhfoirm seo a chomhlánú.

**Rannán 1: Taighde & Forbairt (T&F) Sonraí don tréimhse chuntasaíochta a ndéanfar an t-éileamh ar chreidmheas cánach corparáide T&F ina leith.**

| | |
|---|---|
| Líon na bhfostaithe atá i mbun gníomhaíochtaí T&F | |
| Líon na dtionscadal T&F | |
| Sonraí an chaiteachais a thabhaigh an chuideachta ar ghníomhaíochtaí T&F a íocadh nó atá le híoc go díreach nó go hindíreach trí chúnamh deontais nó trí aon chúnamh eile | € |

**Rannán 2: Tabhair cur síos, le do thoil, ar na gníomhaíochtaí cáilitheacha T&F a rinne an chuideachta maidir le tionscadail T&F a rinneadh le linn na tréimhse cuntasaíochta.**

**Rannán 3: Tabhair sonraí faoi aon fhaisnéis eile ar mian leis an gcuideachta a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim mar chuid den fhógra réamhthíolactha.**

Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a cheangal ar an gcuideachta cibé faisnéis, mínithe agus sonraí breise a sholáthar agus gach cúnamh a thabhairt a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le réasún chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cheanglaítear a sheachadadh faoi alt 766C(17) den ACC, 1997.

## Nótaí

**Cé ba chóir an fhoirm Fógra Réamhthíolactha a chomhlánú?**
De réir alt 766C(17) den ACC, 1997, do thréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2024 nó dá éis, ceanglaítear ar chuideachta fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé ar intinn aici éileamh a thíolacadh faoi alt 766C, i scríbhinn, agus san fhoirm a fhorordaíonn na Coimisinéirí Ioncaim ('foirm fógra réamhthíolactha').

Ba chóir do chuideachtaí atá ag éileamh an chreidmheasa cánach corparáide T&F faoi alt 766C an fhoirm fógra réamhthíolactha a chomhlánú den chéad uair, agus cuideachtaí nár éiligh an creidmheas T&F (faoi alt 766 nó alt 766C) in aon cheann de na trí thréimhse chuntasaíochta roimhe sin.

**Cén uair atá an fhoirm Fógra Réamhthíolactha le tíolacadh?**

De réir alt 766C(17)(d), ní mór an fhoirm fógra réamhthíolactha a thíolacadh 90 lá ar a laghad sula ndéantar an t-éileamh ar an gcreidmheas.

**Conas a thíolactar an fhoirm Fógra Réamhthíolactha?**

Sa chás go gceanglaítear ar chuideachta foirm fógra réamhthíolactha a chur isteach, ba cheart an fhoirm fógra réamhthíolactha a chomhlánú agus a chur isteach trí M'Fhiosruithe, agus an méid seo a leanas a roghnú:

| | |
|---|---|
| Catagóir | Cáin Chorparáide (CC) |
| Fochatagóir | Fógra Réamhthíolactha T&F |

Agus an Fhoirm CT1 bhliantúil ábhartha á comhlánú ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim, ba chóir don chuideachta tic a chur sa bhosca cuí ar phainéal an Chreidmheasa Cánach Taighde agus Forbairt den Fhoirm CT1, ag tabhairt le fios go bhfuil an fhoirm fógra réamhthíolactha tíolactha do na Coimisinéirí Ioncaim.

**Agus an fhoirm Fógra Réamhthíolactha a chomhlánú:**

**Rannán 1:**
Tabhair, le do thoil, líon na bhfostaithe atá i mbun gníomhaíochtaí cáilitheacha T&F mar a bhí ar eolas tráth comhlánaithe na foirme réamhthíolactha.

Sa chás nach bhfuil líon beacht na dtionscadal cáilitheach tugtha chun críche agus an fhoirm fógra réamhthíolactha á comhlánú, tabhair meastachán ar líon na dtionscadal T&F cáilitheach a bhfuil an chuideachta ag súil a bheidh san áireamh san éileamh ar chreidmheas cánach corparáide T&F.

Aon chaiteachas, a íocadh nó atá le híoc go díreach nó go hindíreach trí chúnamh deontais nó trí aon chúnamh eile, is cúnamh é a dheonaítear trí na nithe seo a leanas nó trí:

- an Stát nó Ballstát ábhartha eile den AE, den LEE nó den Ríocht Aontaithe
- aon bhord arna bhunú le reacht, aon údarás poiblí nó áitiúil nó aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit, nó de chuid Ballstáit ábhartha eile den AE, den LEE, nó den Ríocht Aontaithe, nó institiúid, oifig, gníomhaireacht nó comhlacht eile de chuid an AE, nó
- stát, seachas an Stát nó Ballstát, agus aon bhord, údarás, institiúid, oifig, gníomhaireacht nó comhlacht eile sa stát sin.

**Rannán 2:**
Ba chóir don chuideachta achoimre ghairid a thabhairt ar na gníomhaíochtaí T&F a rinne an chuideachta maidir le tionscadail T&F ar tugadh fúthu. I gcás ina bhfuil tionscadail éagsúla i gceist a d'fhéadfaí a chur san áireamh san éileamh ar an gcreidmheas, ba cheart go dtabharfadh an achoimre tuiscint ar na gníomhaíochtaí T&F a rinne an chuideachta ina iomláine. Ba chóir go n-áireofaí leis seo samplaí de na tionscadail ar tugadh fúthu.

Ní mór do na gníomhaíochtaí T&F a bheith ina ngníomhaíochtaí T&F cáilitheacha mar a shainmhínítear in alt 766(1)(a) den ACC, 1997. Ní mór do ghníomhaíochtaí cáilitheacha gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh. Ní mór dóibh—

1. a bheith ina gníomhaíochtaí córasacha, iniúchacha nó turgnamhacha;
2. a bheith i réimse na heolaíochta nó na teicneolaíochta;
3. go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na catagóirí T&F seo a leanas i gceist leo -
   a) taighde bunúsach,
   b) taighde feidhmeach**, nó**
   c) forbairt thurgnamhach.

Ina theannta sin, ní mór dóibh:

4. féachaint go bhfuil dul chun cinn eolaíochtúil nó teicneolaíoch á lorg acu; **agus**
5. go bhfuil neamhchinnteacht eolaíochtúil nó theicneolaíoch á réiteach acu.

**Rannán 3:**
Is féidir aon fhaisnéis nó tuairimí eile a mheasann an chuideachta a bheith ábhartha maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i rannán 1 agus 2 a chur san áireamh sa rannán seo.

**Tuairimí eile**

1. **Ní** éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide T&F í an fhoirm fógra réamhthíolactha.
2. Déanfar aon éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide T&F **ar an bhFoirm CT1 laistigh de 12 mhí** ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ina dtabhaítear an caiteachas ar thaighde agus forbairt as ar eascair an t-éileamh.
3. Ní bheidh feidhm ag an bhfoirm seo i gcás ina mbeidh éileamh T&F déanta ag an gcuideachta faoi alt 766 nó alt 766C den ACC, 1997 i leith aon cheann de na trí thréimhse chuntasaíochta díreach roimhe sin.
4. Sa chás go mbeartaíonn cuideachta éileamh a dhéanamh ar an gcreidmheas cánach corparáide T&F i leith caiteachais a tabhaíodh ar fhoirgneamh nó ar struchtúr cáilitheach de réir alt 766D den ACC, 1997, ba cheart an fhoirm fógra réamhthíolactha i leith éilimh faoi **alt 766D** a chomhlánú.
5. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcreidmheas cánach corparáide T&F le fáil ag **Creidmheas Cánach Corparáide Taighde agus Forbartha (T&F) Lámhleabhar Cánach agus Dleachta Cuid 29-02-03**.

**Cosaint Sonraí**
Caithfidh na Coimisinéirí Ioncaim leis an bhfaisnéis a thugann tú ar an bhfoirm seo mar fhaisnéis faoi rún. Féadann na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, nuair a cheadaítear é nó nuair a iarrtar faoi reachtaíocht é, an fhaisnéis a nochtadh do Ranna Rialtais agus do ghníomhaireachtaí Stáit. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí ar fáil ar **www.revenue.ie**[1]

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.



[1]https://www.revenue.ie/en/corporate/statutory-obligations/data-protection/index.aspx